RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/664 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]) agus go háirithe Airteagail 16 agus 20 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagail 13 agus 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. CÚLRA

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 ón gCoimisiún ([3]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") beart coimirce sealadach ar tháirgí cruach áirithe ("an beart sealadach").

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1712 ón gCoimisiún ([4]) agus i gcur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche ("CCE") idir Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ("SADC") agus an tAontas Eorpach ([5]), d'eisiaigh an Coimisiún na tíortha sin ó chur i bhfeidhm an bhirt coimirce.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([6]), d'fhorchuir an Coimisiún beart coimirce cinntitheach ar tháirgí cruach áirithe ("an beart coimirce cinntitheach"), arb éard atá ann taraif-chuótaí ("TRQanna") maidir le táirgí cruach áirithe ("an táirge lena mbaineann") lena gcuimsítear 26 chatagóir táirgí, atá socraithe ar leibhéil lena gcaomhnófar na sreafaí trádála traidisiúnta ar bhonn catagóire de réir an táirge. Bíonn feidhm ag dleacht taraife 25 % ach amháin má sháraítear tairseacha cainníochtúla na TRQanna sin.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([7]), chuir an Coimisiún síneadh le fad an bhirt coimirce go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/434 ón gCoimisiún ([8]), rinne an Coimisiún coigeartú ar dháileadh méideanna na gcuótaí i gcatagóirí táirgí áirithe tar éis toirmeasc ar allmhairiú táirgí ón Rúis agus ón mBealarúis a fhorchur.

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16).
([2]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear bearta coimirce sealadacha maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 181, 18.7.2018, lch. 39).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1712 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 lena bhforchuirtear bearta coimirce sealadacha maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe, (IO L 286, 14.11.2018, lch. 17).
([5]) IO L 250, 16.9.2016, lch. 3.
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe, (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27 ('an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach').
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 225 I, 25.6.2021, lch. 1).
([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/434 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe, (IO L 88, 16.3.2022, lch. 181).

(6) Eisiadh tíortha áirithe lenar shínigh an tAontas Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche ("tíortha áirithe CCE") ([9]) ó chur i bhfeidhm an bhirt chinntithigh, agus ó na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, lena n-áirítear síneadh an bhirt. Eisiamh tíortha áirithe CCE ón mbeart coimirce cinntitheach, bhí údar leis sin de bharr fhorálacha Airteagal 33 de CCE. Mar sin féin, bhí teorainn ama leis an eisiamh dá bhforáiltear in CCE agus tá sé imithe in éag anois maidir le tíortha áirithe CCE. Dá réir sin, agus chun oibleagáid na Náisiún Barrfhabhair ("NBF") a urramú faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, ba cheart tíortha áirithe CCE ([10]) a thabhairt faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an bhirt coimirce ([11]).

2. ANAILÍS:

2.1. Allmhairí méadaithe

(7) Níor chuir an Coimisiún sonraí allmhairiúcháin thíortha áirithe CCE san áireamh mar chuid den toradh gur tháinig méadú ar allmhairí sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach ([12]). Prionsabal na comhthreomhaireachta is údar leis an gcur chuige sin, ([13]) a fhágann gur i gcás anailís an údaráis i dtaobh ar tháinig méadú ar na hallmhairithe a tionscnaíodh sna háiteanna sin, ní féidir a chur san áireamh san anailís sin na hallmhairithe atá eisiata ó chur i bhfeidhm an bhirt.

(8) Ós rud é nach féidir le hallmhairí ó thíortha áirithe CCE tairbhe a bhaint a thuilleadh as an eisiamh faoi CCE, ní mór don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an toradh bunaidh maidir le hallmhairí méadaithe trí shonraí allmhairiúcháin ó thíortha áirithe CCE a ionchorprú.

(9) Léirítear an éabhlóid ar allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, a tugadh cothrom le dáta trí méideanna allmhairí thíortha áirithe CCE a áireamh, sna táblaí seo a leanas: ar dtús, i gcás an táirge lena mbaineann (Tábla 1); agus ansin, mar anailís fhorlíontach, ar bhonn fine táirge (Tábla 2).

Tábla 1

Méid na n-allmhairí (tar éis tíortha áirithe CCE a chur san áireamh) agus an sciar den mhargadh

	2013	2014	2015	2016	2017	MRP
Allmhairí (000 tona)	18 454	22 012	26 693	29 283	30 271	31 476
innéacs 2013=100	*100*	*119*	*145*	*159*	*164*	*171*
An sciar den mhargadh	12,78 %	14,48 %	16,97 %	17,97 %	18,19 %	18,88 %

Foinse: Eurostat agus freagraí ar an gceistneoir ó thionscal an Aontais 2018.

(10) Tháinig méadú 71 % ar allmhairí i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse anailíse, agus i dtéarmaí coibhneasta le sciartha den mhargadh ag méadú ó 12.78 % go 18.88 % ó 2013 go MRP.

Tábla 2

Méid na n-allmhairí (tar éis tíortha áirithe CCE a chur san áireamh) agus an sciar den mhargadh — i gcás gach fine táirge

	2013	2014	2015	2016	2017	MRP
Táirgí cothroma						
allmhairí (000 tona)	12 405	14 301	18 509	20 405	20 457	20 342

([9]) An Bhotsuáin, Camarún, Eswatini, Fidsí, Gána, an Cósta Eabhair, Leosóta, an Namaib agus an Afraic Theas.

([10]) Is tíortha i mbéal forbartha iad tíortha áirithe CCE agus is comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, dá bhrí sin, is féidir leo tairbhe a bhaint as eisiaimh 'tír i mbéal forbartha', nuair a chomhlíontar na coinníollacha ábhartha i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Domhanda Trádála.

([11]) Ní bhaineann sé seo le Mósaimbíc ó chuir CCE iarratas sealadach isteach i gcás Mhósaimbíc an 4 Feabhra 2018. Dá bhrí sin, tá an díolúine faoi CCE fós i bhfeidhm.

([12]) Féach aithrisí (27) go (47) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún.

([13]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *An Airgintín – Bearta Coimirce ar Allmhairiú Coisbhirt* (WT/DS121/AB/R), an 14 Nollaig 1999, mír 113.

innéacs 2013=100	*100*	*115*	*149*	*165*	*165*	*164*
An sciar den mhargadh	14,28 %	15,88 %	19,50 %	20,80 %	21,03 %	21,01 %
Táirgí fada						
allmhairí (000 tona)	4 039	5 308	6 042	6 560	6 474	7 913
innéacs 2013=100	*100*	*131*	*150*	*162*	*160*	*196*
An sciar den mhargadh	8,67 %	10,69 %	11,82 %	12,42 %	11,82 %	14,02 %
Feadáin						
allmhairí (000 tona)	2 010	2 403	2 142	2 317	3 339	3 221
innéacs 2013=100	*100*	*120*	*107*	*115*	*166*	*160*
An sciar den mhargadh	20,47 %	20,85 %	19,96 %	20,15 %	25,35 %	25,75 %

Foinse: Eurostat agus freagraí ar an gceistneoir ó thionscal an Aontais, 2018.

(11) I gcás gach fine táirge de na trí fhine táirge (táirgí cothroma, táirgí fada agus feadáin), tháinig méadú 64 %, 96 % agus 60 % i ndearbhthéarmaí faoi seach orthu le linn 2013-MRP. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú freisin ar allmhairí i dtéarmaí coibhneasta agus méadú ó 14,28 % go 21,01 %, 8,67 % go 14,02 % agus 20,47 % go 25,75 % tagtha ar sciartha den mhargadh faoi seach.

(12) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún, tar éis allmhairí ó thíortha áirithe CCE a chur san áireamh, go raibh méadú tagtha ar allmhairí, i dtéarmaí iomlána agus i dtéarmaí coibhneasta araon i gcás an táirge lena mbaineann sa tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, tá an méadú sin ar allmhairí níos mó fiú ná an méadú atá leagtha síos ag an gCoimisiún sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún torthaí an bhirt chinntithigh gur tháinig méadú ar allmhairí an táirge lena mbaineann, agus gur comhthacaíodh an toradh sin leis an anailís fhorlíontach a rinneadh ar leibhéal gach ceann de na trí fhine táirge.

2.2. **Forbairtí gan choinne**

(13) In aithrisí (48) go (62) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach ([14]), rinne an Coimisiún tuairisc mhionsonraithe ar na forbairtí gan choinne a shainaithin sé, forbairtí ba chúis leis an a raibh méadú ar allmhairí.

(14) Cuimsítear i gcineál na bhforbairtí gan choinne sin réimse leathan gníomhaíochtaí, forbairtí agus beart a dhéanann difear don mhargadh ar scála domhanda. Dá bhrí sin, má chuirtear tíortha áirithe CCE leis an anailís, ar sciar beag iad de leibhéal foriomlán acmhainneacht táirgeachta cruach an domhain ([15]), ní féidir leis sin athrú a dhéanamh ar na torthaí a rinne an Coimisiún sa Rialachán maidir Beart Coimirce Cinntitheach.

(15) Dá bhrí sin, deimhnítear na torthaí maidir le forbairtí gan choinne sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

2.3. **Bagairt mhórdhíobhála, cúisíocht agus leas an Aontais**

(16) In aon chás, i ngeall ar chuimsiú allmhairí thíortha áirithe CCE san anailís, léiríodh go raibh leibhéal na n-allmhairí méadaithe níos mó fiú ná mar a bheadh ann dá n-uireasa. Dá bhrí sin, is bailí fós iad na torthaí maidir le bagairt mhórdhíobhála, cúisíocht agus leas an Aontais a rinneadh sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

([14]) Chomh maith leis na torthaí in aithrisí (30) go (36) ón mbeart sealadach.

([15]) Féach, mar shampla, 'ECFE: Forbairtí is déanaí in Acmhainneacht Déanta Cruach, 2021', Tábla 6. A bhfuil fáil air ag: https://www.oecd.org/industry/ind/latest-developments-in-steelmaking-capacity-2021.pdf

2.4. **Conclúid**

(17) I bhfianaise na dtorthaí thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur bailí iad fós na buntorthaí maidir le méadú ar allmhairí, forbairtí gan choinne, bagairt mórdhíobhála, cúisíocht agus leas an Aontais tar éis na n-allmhairí ó thíortha áirithe CCE a chur san áireamh.

3. NUASHONRÚ AR LIOSTA NA dTÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA ATÁ FAOI RÉIR BEART

(18) Ríomh an Coimisiún, agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478 maidir le tíortha i mbéal forbartha atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála á chur i bhfeidhm, ar sháraigh aon cheann de thíortha áirithe CCE tairseach ábhartha na n-allmhairí i ngach catagóir táirge. Bhunaigh an Coimisiún a ríomh ar na sonraí a bhaineann leis an tacar sonraí allmhairiúcháin don bhliain 2019 d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú leis an gcur chuige ar baineadh úsáid as i leith an bhirt atá i bhfeidhm faoi láthair.

(19) Is iad seo a leanas na hathruithe ar na heisiaimh maidir le tíortha i mbéal forbartha:

— Cuirtear an Afraic Theas san áireamh faoin mbeart i gcatagóirí táirgí 8, 9 agus 10.

4. LEIBHÉAL AGUS CIONROINNT NA dTARAIF-CHUÓTAÍ

(20) Trí allmhairí ó thíortha áirithe CCE a chur san áireamh faoin mbeart, ní mór leibhéal na dtaraif-chuótaí do gach catagóir táirgí agus cionroinnt taraif-chuótaí (i gcás inarb iomchuí) a athbhreithniú i gcomhréir le prionsabal na comhthreomhaireachta, ionas go bhfreagróidh méideanna na gcuótaí atá ar fáil do mhéideanna allmhairí ([16]) a bhíodh ann roimhe seo ó na dtíortha atá faoi réir an bhirt.

(21) Ó thaobh na modheolaíochta ar baineadh úsáid aisti, lean an Coimisiún an cur chuige céanna atá mar bhonn agus mar thaca le ríomh agus cionroinnt na gcuótaí sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, ach níor thug sé cothrom le dáta ach na figiúirí a bhí ann mar thoradh ar allmhairí ó thíortha áirithe CCE a chur leis.

(22) Bunaíodh an bhunlíne chun méid an taraif-chuóta a ríomh ar an tréimhse thagartha (is é sin na meánallmhairí sa tréimhse 2015-2017). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún meánmhéid na n-allmhairí a athríomh sa tréimhse thagartha ([17]), le haghaidh gach catagóir táirgí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, allmhairí ó thíortha áirithe CCE ([18]).

(23) Rinne an Coimisiún méid na dtaraif-chuótaí a athríomh trí na méaduithe ar chuótaí ina dhiaidh sin a tharla ó forchuireadh an beart coimirce cinntitheach a chur le meánmhéid na n-allmhairí sa tréimhse thagartha ([19]). Chuir an Coimisiún na hathruithe ar an gcuóta a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/434 san áireamh freisin.

(24) I gcás tréimhsí ón 1 Iúil 2022 ar aghaidh, chuir an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, méideanna na gcuótaí a fhreagraíonn d'allmhairí ó thíortha áirithe CCE leis.

(25) Le haghaidh an ráithe Aibreán-Meitheamh 2022, a bhí ann nuair a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm, rinne an Coimisiún méid an chuóta a athríomh go comhréireach, méid a chuirfear, i gcás inarb infheidhme, le méideanna na gcuótaí a bhí ar fáil i dtús báire sa ráithe reatha ([20]) ón lá a mbeidh an Rialachán seo infheidhme (an 1 Bealtaine 2022) go dtí an 30 Meitheamh 2022, tráth a thiocfaidh an tréimhse choimirce reatha ([21]) i gcrích.

([16]) I dteannta léirscaoilte agus athruithe eile ar na cuótaí a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe.

([17]) Féach aithris (146) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

([18]) Níor thug an Coimisiún cothrom le dáta ach méideanna na gcatagóirí sin inar cláraíodh allmhairí ó thíortha SADC le linn na tréimhse tagartha. Más rud é nach ndearnadh aon allmhairí ó na tíortha sin i gcatagóir ar leith le linn na tréimhse tagartha, sa chás sin ní thiocfaidh aon athrú ar na méideanna TRQ don chatagóir sin.

([19]) Cuireadh 5 % le leibhéal na gcuótaí ar theacht i bhfeidhm an bhirt coimirce chinntithigh, agus ina dhiaidh sin méadaíodh é 3 % gach 1 Iúil mar thoradh ar léirscaoileadh forchéimnitheach.

([20]) Is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/434 ón gCoimisiún a rinneadh an sainiú is déanaí ar mhéideanna na gcuótaí a bhí ar fáil ar dtús sa ráithe seo.

([21]) Tagraíonn an tréimhse choimirce reatha don tréimhse 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2022.

(26) Maidir le cionroinnt na gcuótaí, agus chun a chinneadh an raibh aon cheann de na tíortha áirithe CCE incháilithe le haghaidh cuóta tír-shonrach ([22]), rinne an Coimisiún measúnú, i gcás gach ceann de na tíortha sin ([23]), lena fháil amach an é 5 % ar a laghad nó níos mó d'allmhairí iomlána sa tréimhse thagartha (i ngach catagóir táirgí) a bhí i leibhéal na n-allmhairí a bhí acu.

(27) Mar a mhínítear san aithris (20) thuas, is í an Afraic Theas amháin a sháraíonn tairseacha ábhartha Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478 agus, dá bhrí sin, ní bhaineann sí tairbhe as díolúine na dtíortha i mbéal forbartha. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar staid na hAfraice Theas sna trí chatagóir táirgí ina bhfuil sí faoi réir an bhirt. Seo a leanas an toradh:

(28) Déantar Catagóir 8 a riar ar leibhéal domhanda. Dá bhrí sin, beidh an Afraic Theas mar chuid den chuóta domhanda. Cuirfear sciar comhréireach de na méideanna allmhairí a bhíodh aige roimhe seo le méideanna na gcuótaí domhanda sa chatagóir sin. I gcás chatagóir 9 agus chatagóir 10, gheobhaidh an Afraic Theas cuótaí tír-shonracha i gcomhréir leis na méideanna allmhairí a bhíodh aige roimhe seo.

(29) Foilseofar Rialachán Cur Chun Feidhme a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an imscrúdú athbhreithniúcháin oibríochtúil atá ar siúl faoi láthair, imscrúdú a cuireadh tús leis an 17 Nollaig 2021, agus is leis an Rialachán sin a thabharfar méideanna na dtaraif-chuótaí san Iarscríbhinn don tréimhse dar tús an 1 Iúil 2022 cothrom le dáta. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Bealtaine 2022 ar aghaidh ionas go dtabharfar fógra leordhóthanach do na hoibreoirí eacnamaíocha ar fad.

(30) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí arna bhunú faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/159 mar a leanas:

(1) Cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Phointe III.2 in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Cuirtear Iarscríbhinn II in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs in mír 2 d'Airteagal 6; "ní bheidh Mósaimbíc faoi réir na mbeart a leagtar amach in Airteagal 1 ach oiread.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([22]) Féach aithris (147) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.
([23]) I gcás nach raibh siad faoi bhun na tairsí le haghaidh eisiaimh na dtíortha i mbéal forbartha de réir Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478.

IARSCRÍBHINN I

'III.2 — **Liosta de catagóirí táirgí de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta cinntitheacha maidir leo**

Tír / Grúpa táirgí	1	2	3A	3B	4A	4B	5	6	7	8	9	10	12	13	14	15	16	17	18	19	20	21	22	24	25A	25B	26	27	28
An Bhrasaíl		X	X																					X					
An tSín				X		X		X		X		X	X			X			X	X		X	X	X	X	X	X	X	X
An India	X	X		X	X	X	X	X	X		X	X			X	X					X		X	X			X		
An Indinéis									X	X	X													X					
An Mhalaeisia											X													X					
Meicsiceo																								X					
An Mholdóiv														X			X							X					
An Mhacadóin Thuaidh							X		X				X								X	X		X					
An Afraic Theas										X	X	X												X					
An Téalainn											X													X					
An Túinéis					X																			X					
An Tuirc	X	X			X	X	X	X			X		X	X			X	X		X	X	X		X		X	X	X	X
An Úcráin		X							X					X	X		X	X			X	X	X	X				X	X
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha																		X	X		X			X					
Vítneam		X					X				X													X					
Gach tír eile atá i mbéal forbartha																								X'					

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN IV

IV.1 – **Méideanna na dtaraif-chuótaí**

Uimhir táirge	Catagóir táirgí	Cóid AC	Cionroinnt de réir tíre (I gcás inarb infheidhme)	Bliain 1				Bliain 2				Bliain 3				Dleachtráta breise	Sraithuimhreacha
				Ón 1.7.2021 go dtí an 30.9.2021	Ón 1.10.2021 go dtí an 31.12.2021	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.3.2022	Ón 1.4.2022 go dtí an 30.6.2022	Ón 1.7.2022 go dtí an 30.9.2022	Ón 1.10.2022 go dtí an 31.12.2022	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.3.2023	Ón 1.4.2023 go dtí an 30.6.2023	Ón 1.7.2023 go dtí an 30.9.2023	Ón 1.10.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2024 go dtí an 31.3.2024	Ón 1.4.2024 go dtí an 30.6.2024		
				Méid na dtaraif-chuótaí (glantonaí)				Méid na dtaraif-chuótaí (glantonaí)				Méid na dtaraif-chuótaí (glantonaí)					
1	Leatháin agus Stiallacha Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile	7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 99, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 14 00, 7211 19 00, 7212 60 00, 7225 19 10, 7225 30 10, 7225 30 30, 7225 30 90, 7225 40 15, 7225 40 90, 7226 19 10, 7226 91 20, 7226 91 91, 7226 91 99	Cónaidhm na Rúise	416 848,18	416 848,18	407 786,27	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	25 %	09.8966
			An Tuirc	330 387,67	330 387,67	323 205,33	430 246,90	448 024,13	448 024,13	438 284,48	443 154,30	461 464,85	461 464,85	451 433,01	456 448,93	25 %	09.8967
			An India	169 717,08	169 717,08	166 027,58	273 178,15	284 465,51	284 465,51	278 281,48	281 373,50	292 999,48	292 999,48	286 629,92	289 814,70	25 %	09.8968
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	135 867,52	135 867,52	132 913,87	170 592,15	177 640,79	177 640,79	173 779,03	175 709,91	182 970,01	182 970,01	178 992,40	180 981,21	25 %	09.8969
			An Ríocht Aontaithe	120 514,16	120 514,16	117 894,29	142 706,31	148 602,75	148 602,75	145 372,25	146 987,50	153 060,83	153 060,83	149 733,42	151 397,12	25 %	09.8976
			An tSeirbia	119 634,36	119 634,36	117 033,62	151 443,06	157 700,49	157 700,49	154 272,22	155 986,36	162 431,51	162 431,51	158 900,39	160 665,95	25 %	09.8970
			Tíortha eile	1 020 975,90	1 020 975,90	998 780,77	1 120 627,94	1 166 931,42	1 166 931,42	1 141 563,34	1 154 247,38	1 201 939,35	1 201 939,35	1 175 810,26	1 188 874,80	25 %	(1)
2	Leatháin Fhuar-rollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile	7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7209 90 20, 7209 90 80, 7211 23 20, 7211 23 30, 7211 23 80, 7211 29 00, 7211 90 20, 7211 90 80, 7225 50 20, 7225 50 80, 7226 20 00, 7226 92 00	An India	150 937,31	150 937,31	147 656,06	149 296,69	155 465,43	155 465,43	152 085,74	153 775,59	160 129,39	160 129,39	156 648,32	158 388,85	25 %	09.8801
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	87 540,62	87 540,62	85 637,56	86 589,09	90 166,83	90 166,83	88 206,69	89 186,76	92 871,84	92 871,84	90 852,89	91 862,36	25 %	09.8802
			An Ríocht Aontaithe	80 906,72	80 906,72	79 147,88	80 027,30	83 333,92	83 333,92	81 522,32	82 428,12	85 833,94	85 833,94	83 967,99	84 900,96	25 %	09.8977
			An Úcráin	67 209,91	67 209,91	65 748,82	66 479,37	69 226,21	69 226,21	67 721,29	68 473,75	71 302,99	71 302,99	69 752,93	70 527,96	25 %	09.8803
			An Bhrasaíl	43 002,88	43 002,88	42 068,04	42 535,46	44 292,97	44 292,97	43 330,08	43 811,52	45 621,76	45 621,76	44 629,98	45 125,87	25 %	09.8804
			An tSeirbia	38 107,42	38 107,42	37 279,00	37 693,21	39 250,64	39 250,64	38 397,37	38 824,00	40 428,16	40 428,16	39 549,29	39 988,72	25 %	09.8805
			Tíortha eile	265 739,79	265 739,79	259 962,84	263 318,03	274 436,99	274 436,99	268 470,97	271 453,98	282 668,06	282 668,06	276 531,20	279 595,58	25 %	(2)

3.A	Leatháin leictreacha (seachas GOES)	7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10	Cónaidhm na Rúise	350,64	350,64	343,02	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	25 %	09.8808
			An Ríocht Aontaithe	300,46	300,46	293,93	506,54	527,47	527,47	516,00	521,74	543,29	543,29	531,48	537,39	25 %	09.8978
			An Iaráin, Poblacht Ioslamach na hIaráine	153,51	153,51	150,17	151,91	158,18	158,18	154,75	156,46	162,93	162,93	159,39	161,16	25 %	09.8809
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	124,95	124,95	122,24	232,64	242,25	242,25	236,98	239,62	249,52	249,52	244,09	246,81	25 %	09.8806
			Tíortha eile	757,52	757,52	741,05	777,65	809,79	809,79	792,18	800,98	834,08	834,08	815,95	825,01	25 %	(1)
3.B		7225 19 90, 7226 19 80	Cónaidhm na Rúise	35 467,36	35 467,36	34 696,33	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	25 %	09.8811
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	21 197,70	21 197,70	20 736,88	32 204,00	33 534,63	33 534,63	32 805,62	33 170,12	34 540,67	34 540,67	33 789,78	34 165,23	25 %	09.8812
			An tSín	16 317,74	16 317,74	15 963,01	28 320,79	29 490,97	29 490,97	28 849,86	29 170,42	30 375,70	30 375,70	29 715,36	30 045,53	25 %	09.8813
			An Téaváin	12 242,39	12 242,39	11 976,25	22 149,74	23 064,94	23 064,94	22 563,53	22 814,23	23 756,89	23 756,89	23 240,43	23 498,66	25 %	09.8814
			Tíortha eile	6 343,40	6 343,40	6 205,50	7 898,74	8 225,11	8 225,11	8 046,30	8 135,71	8 471,86	8 471,86	8 287,69	8 379,78	25 %	(1)
4.A	Leatháin Mhiotala-cha Bhrataithe	Cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 49 00 20, 7210 61 00 20, 7210 69 00 20, 7212 30 00 20, 7212 50 61 20, 7212 50 69 20, 7225 92 00 20, 7225 99 00 11, 7225 99 00 22, 7225 99 00 40, 7225 99 00 91, 7225 99 00 92, 7226 99 30 10, 7226 99 70 11, 7226 99 70 91, 7226 99 70 94	An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	34 726,32	34 726,32	33 971,40	34 348,86	35 768,11	35 768,11	34 990,54	35 379,32	36 841,15	36 841,15	36 040,26	36 440,70	25 %	09.8816
			An India	49 638,36	49 638,36	48 559,27	49 098,82	51 127,51	51 127,51	50 016,05	50 571,78	52 661,34	52 661,34	51 516,53	52 088,93	25 %	09.8817
			An Ríocht Aontaithe	32 719,56	32 719,56	32 008,27	32 363,92	33 701,15	33 701,15	32 968,52	33 334,83	34 712,19	34 712,19	33 957,57	34 334,88	25 %	09.8979
			Tíortha eile	439 629,02	439 629,02	430 071,87	435 187,30	453 341,17	453 341,17	443 485,93	448 413,55	466 939,93	466 939,93	456 794,90	461 864,50	25 %	(1)

4.B		Cóid AC: 7210 20 00, 7210 30 00, 7210 90 80, 7212 20 00, 7212 50 20, 7212 50 30, 7212 50 40, 7212 50 90, 7225 91 00, 7226 99 10 Cóid TARIC: 7210 41 00 80, 7210 49 00 80, 7210 61 00 80, 7210 69 00 80, 7212 30 00 80, 7212 50 61 80, 7212 50 69 80, 7225 92 00 80, 7225 99 00 25, 7225 99 00 95, 7226 99 30 90, 7226 99 70 19, 7226 99 70 96	An tSín	118 662,79	118 662,79	116 083,16	117 372,98	122 222,67	122 222,67	119 565,66	120 894,17	125 889,35	125 889,35	123 152,63	124 520,99	25 %	09.8821
			An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	154 003,68	154 003,68	150 655,77	152 329,73	158 623,79	158 623,79	155 175,45	156 899,62	163 382,50	163 382,50	159 830,71	161 606,61	25 %	09.8822
			An India	70 874,00	70 874,00	69 333,27	70 103,64	73 000,22	73 000,22	71 413,26	72 206,74	75 190,23	75 190,23	73 555,66	74 372,95	25 %	09.8823
			An Ríocht Aontaithe	32 719,56	32 719,56	32 008,27	32 363,92	33 701,15	33 701,15	32 968,52	33 334,83	34 712,19	34 712,19	33 957,57	34 334,88	25 %	09.8980
			Tíortha eile	99 301,05	99 301,05	97 142,33	98 535,77	102 767,99	102 767,99	100 533,90	101 650,95	105 849,65	105 849,65	103 554,03	104 699,12	25 %	(8)
5	Leatháin Bhrataithe Orgánacha	7210 70 80, 7212 40 80	An India	72 733,52	72 733,52	71 152,36	71 942,94	74 915,53	74 915,53	73 286,93	74 101,23	77 162,99	77 162,99	75 485,54	76 324,26	25 %	09.8826
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	65 734,04	65 734,04	64 305,04	65 019,54	67 706,06	67 706,06	66 234,19	66 970,13	69 737,25	69 737,25	68 221,22	68 979,23	25 %	09.8827
			An Ríocht Aontaithe	32 273,02	32 273,02	31 571,43	31 922,23	33 241,21	33 241,21	32 518,58	32 879,90	34 238,45	34 238,45	33 494,13	33 866,29	25 %	09.8981
			An Téaváin	21 067,46	21 067,46	20 609,47	20 838,47	21 699,48	21 699,48	21 227,76	21 463,62	22 350,47	22 350,47	21 864,59	22 107,53	25 %	09.8828
			An Tuirc	14 544,98	14 544,98	14 228,79	14 386,89	14 981,33	14 981,33	14 655,65	14 818,49	15 430,77	15 430,77	15 095,32	15 263,05	25 %	09.8829
			Tíortha eile	39 845,48	39 845,48	38 979,27	39 412,50	41 041,04	41 041,04	40 148,84	40 594,94	42 272,27	42 272,27	41 353,31	41 812,79	25 %	(7)
6	Táirgí ó Mhuileann Stáin	7209 18 99, 7210 11 00, 7210 12 20, 7210 12 80, 7210 50 00, 7210 70 10, 7210 90 40, 7212 10 10, 7212 10 90, 7212 40 20	An tSín	102 651,92	102 651,92	100 420,36	101 536,14	105 731,48	105 731,48	103 432,97	104 582,22	108 903,42	108 903,42	106 535,96	107 719,69	25 %	09.8831
			An Ríocht Aontaithe	37 442,67	37 442,67	36 628,69	37 035,68	38 565,95	38 565,95	37 727,56	38 146,75	39 722,92	39 722,92	38 859,38	39 291,15	25 %	09.8982
			An tSeirbia	20 605,18	20 605,18	20 157,24	20 381,21	21 223,33	21 223,33	20 761,95	20 992,64	21 860,03	21 860,03	21 384,81	21 622,42	25 %	09.8832
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	14 904,85	14 904,85	14 580,83	14 742,84	15 352,00	15 352,00	15 018,26	15 185,13	15 812,56	15 812,56	15 468,81	15 640,68	25 %	09.8833
			An Téaváin	12 392,30	12 392,30	12 122,90	12 257,60	12 764,07	12 764,07	12 486,59	12 625,33	13 146,99	13 146,99	12 861,18	13 004,09	25 %	09.8834
			Tíortha eile	34 348,50	34 348,50	33 601,80	33 975,69	35 379,80	35 379,80	34 610,67	34 995,23	36 441,19	36 441,19	35 649,00	36 045,09	25 %	(8)

7	Plátaí Cuartó as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile	7208 51 20, 7208 51 91, 7208 51 98, 7208 52 91, 7208 90 20, 7208 90 80, 7210 90 30, 7225 40 12, 7225 40 40, 7225 40 60, 7225 99 00	An Úcráin	220 959,54	220 959,54	216 156,07	256 810,19	267 421,24	267 421,24	261 607,74	264 514,49	275 443,88	275 443,88	269 455,97	272 449,93	25 %	09.8836
			An Chóiré, Poblacht na Cóiré	90 484,11	90 484,11	88 517,06	96 106,51	100 077,50	100 077,50	97 901,90	98 989,70	103 079,83	103 079,83	100 838,96	101 959,39	25 %	09.8837
			Cónaidhm na Rúise	76 413,23	76 413,23	74 752,08	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	25 %	09.8838
			An India	50 218,77	50 218,77	49 127,06	60 949,84	63 468,21	63 468,21	62 088,47	62 778,34	65 372,26	65 372,26	63 951,12	64 661,69	25 %	09.8839
			An Ríocht Aontaithe	50 201,69	50 201,69	49 110,35	53 246,19	55 446,25	55 446,25	54 240,90	54 843,58	57 109,64	57 109,64	55 868,13	56 488,88	25 %	09.8983
			Tíortha eile	304 534,67	304 534,67	297 914,36	317 122,78	330 246,89	330 246,89	323 067,60	326 657,25	340 154,11	340 154,11	332 760,17	336 456,78	25 %	[9]
8	Leatháin agus Stiallacha Teorollta Dosmálta	7219 11 00, 7219 12 10, 7219 12 90, 7219 13 10, 7219 13 90, 7219 14 10, 7219 14 90, 7219 22 10, 7219 22 90, 7219 23 00, 7219 24 00, 7220 11 00, 7220 12 00	Tíortha eile	95 423,22	95 423,22	93 348,80	98 429,19	104 566,77	104 566,77	102 293,58	103 430,17	107 686,09	107 686,09	105 415,22	106 515,59	25 %	[10]
9	Leatháin agus Stiallacha Fuar-rollta Dosmálta	7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20, 7220 90 80	An Chóiré, Poblacht na Cóiré	45 936,49	45 936,49	44 937,87	45 437,18	47 314,59	47 314,59	46 286,01	46 800,30	48 734,02	48 734,02	47 674,59	48 204,31	25 %	09.8846
			An Téaváin	42 598,45	42 598,45	41 672,39	42 135,42	43 876,40	43 876,40	42 922,57	43 399,48	45 192,69	45 192,69	44 210,24	44 701,47	25 %	09.8847
			An India	28 471,37	28 471,37	27 852,43	28 161,90	29 325,51	29 325,51	28 688,00	29 006,76	30 205,28	30 205,28	29 548,64	29 876,96	25 %	09.8848
			An Afraic Theas	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	16 426,70	25 517,94	25 517,94	24 963,20	25 240,57	26 211,66	26 211,66	25 926,75	25 926,75		09.8853
			Na Stáit Aontaithe	23 164,35	23 164,35	22 660,78	22 912,56	23 859,28	23 859,28	23 340,60	23 599,94	24 575,06	24 575,06	24 040,82	24 307,94	25 %	09.8849
			An Tuirc	19 275,63	19 275,63	18 856,60	19 066,12	19 853,90	19 853,90	19 422,30	19 638,10	20 449,52	20 449,52	20 004,97	20 227,24	25 %	09.8850
			An Mhalaeisia	12 211,97	12 211,97	11 946,49	12 079,23	12 578,33	12 578,33	12 304,89	12 441,61	12 955,68	12 955,68	12 674,04	12 814,86	25 %	09.8851
			Tíortha eile	48 986,92	48 986,92	47 921,98	48 454,45	50 456,53	50 456,53	49 359,64	49 908,08	51 970,22	51 970,22	50 840,43	51 405,33	25 %	[11]
10	Plátaí Cuartó Teorollta Dosmálta	7219 21 10, 7219 21 90	An tSín	4 549,32	4 549,32	4 450,42	4 499,87	4 685,80	4 685,80	4 583,94	4 634,87	4 826,38	4 826,38	4 721,46	4 773,92	25 %	09.8856
			An India	1 929,86	1 929,86	1 887,91	1 908,88	1 987,76	1 987,76	1 944,54	1 966,15	2 047,39	2 047,39	2 002,88	2 025,13	25 %	09.8857
			An Afraic Theas	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	876,19	1 361,11	1 361,11	1 331,52	1 346,31	1 398,11	1 398,11	1 382,91	1 382,91		09.8859
			An Ríocht Aontaithe	796,12	796,12	778,81	787,46	820,00	820,00	802,17	811,09	844,60	844,60	826,24	835,42	25 %	09.8984
			An Téaváin	735,01	735,01	719,03	727,02	757,06	757,06	740,60	748,83	779,77	779,77	762,82	771,29	25 %	09.8858
			Tíortha eile	964,37	964,37	943,41	953,89	993,30	993,30	971,71	982,51	1 023,10	1 023,10	1 000,86	1 011,98	25 %	[12]

12	Barraí Cruach agus Gearrtha-cha Éadroma as Neamh-Chóimhio-tail agus Cóimhiotail Eile	7214 30 00, 7214 91 10, 7214 91 90, 7214 99 31, 7214 99 39, 7214 99 50, 7214 99 71, 7214 99 79, 7214 99 95, 7215 90 00, 7216 10 00, 7216 21 00, 7216 22 00, 7216 40 10, 7216 40 90, 7216 50 10, 7216 50 91, 7216 50 99, 7216 99 00, 7228 10 20, 7228 20 10, 7228 20 91, 7228 30 20, 7228 30 41, 7228 30 49, 7228 30 61, 7228 30 69, 7228 30 70, 7228 30 89, 7228 60 20, 7228 60 80, 7228 70 10, 7228 70 90, 7228 80 00	An tSín	109 081,26	109 081,26	106 709,93	128 399,98	133 705,30	133 705,30	130 798,66	132 251,98	137 716,46	137 716,46	134 722,62	136 219,54	25 %	09.8861
			An Ríocht Aontaithe	91 256,44	91 256,44	89 272,60	107 269,12	111 701,34	111 701,34	109 273,05	110 487,19	115 052,38	115 052,38	112 551,24	113 801,81	25 %	09.8985
			An Tuirc	65 582,60	65 582,60	64 156,89	97 010,41	101 018,76	101 018,76	98 822,70	99 920,73	104 049,32	104 049,32	101 787,38	102 918,35	25 %	09.8862
			Cónaidhm na Rúise	60 883,89	60 883,89	59 560,32	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	25 %	09.8863
			An Eilvéis	48 810,77	48 810,77	47 749,66	62 348,55	64 924,71	64 924,71	63 513,31	64 219,01	66 872,46	66 872,46	65 418,71	66 145,58	25 %	09.8864
			An Bhealarúis	39 066,48	39 066,48	38 217,21	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	neamhbhain-teach	25 %	09.8865
